



A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F  
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N  
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S

**Tuarascáil i dtaobh suirbhéanna píolótacha faoi  
thosaíochtaí tuismitheoirí maidir le pátrúnacht  
bunscoile.**

Nollaig 2012

## Clár na nÁbhar

Cúlra:.....	3
Bailíochtú fhreagairtí an tsuirbhé.....	4
Achoimre ar fhreagairtí an tsuirbhé:.....	4
Aguisín 1: An tInbhear Mór.....	10
Aguisín 2: Caisleán an Bharraigh .....	15
Aguisín 3: An Trá Mhór .....	21
Aguisín 4: Baile Átha Troim.....	27
Aguisín 5: Fionnbhrú .....	33
Aguisín 6: Sampla de Shuirbhé.....	39

## **Tuarascáil don Ghrúpa um Bunú Scoileanna Nua i dtaobh suirbhéanna píolótacha faoi thosaíochtaí tuismitheoirí maidir le pátrúnacht bunscoile.**

### **Cúlra:**

Leag an tAire Oideachais agus Scileanna a phlean gníomhaíochta amach mar fhreagairt ar thuarascáil an Ghrúpa Chomhairligh ag an bhFóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas in Earnáil an Bhunoideachais i Meitheamh na bliana seo. Mar chuid den phlean gníomhaíochta a d'fhógair an tAire socraíodh go ndéanfaí suirbhéanna ar thosaíochtaí tuismitheoirí in 44 ceantar, ag tosú le cúig cheantar phíolótacha i bhfómhair 2012.

Tagann gach ceantar a ndéanfar suirbhé air mar chuid den phróiseas seo leis na critéir a leanas:

- Daonra idir 5,000 agus 20,000 áitritheoir de réir dhaonáireamh 2011
- Bhí níos lú ná 20% sa mhéadú a tháinig ar an daonra i rith na tréimhse ó 2006 go 2011 idir an dá dhaonáireamh

Rinneadh suirbhéanna ar bhonn píolótach i dtús báire i gcúig cheantar. Bhí na suirbhéanna oscailte ar feadh trí seachtaine ar an iomlán ón Luan 22 Deireadh Fómhair go dtí an Aoine 9 Samhain 2012, go huile. Ullmhaíodh an tuarascáil don Ghrúpa um Bunú Scoileanna Nua maidir leis na cúig shuirbhé píolótacha agus an anailís ar na torthaí i ngach ceantar. Is éard atá cuimsithe sa tuarascáil ná an doiciméad achoimre foriomlán seo agus an doiciméid anailíse mhionsonraithe ar leith maidir le gach ceann de na cúig cheantar a ndearnadh suirbhé orthu agus atá cuimsithe in Aguisíní 1 go 5. Is sampla é Aguisín 6 de shuirbhé páipéir atá comhchosúil leis an suirbhé ar líne.

Is iad seo a leanas na ceantair ina ndearnadh na suirbhéanna píolótacha:

- An tInbhear Mór
- Caisleán an Bharraigh
- An Trá Mhór
- Baile Átha Troim
- Fionnbhrú

Is é aidhm na suirbhéanna leibhéal éileamh na dtuismitheoirí ar rogha níos leithne i bpátrúnacht na mbunscoileanna laistigh de na ceantair sin a thomhas. Tá daonraí cuibheasach cobhsaí sna ceantair sin agus ar an mbonn sin is beag an t-ionchas go mbunófar scoileanna nua sna blianta beaga amach romhainn de dheasca cúiseanna déimeagrafacha. Dá réir sin ní féidir le pátrúin mhalartacha a bheith rannpháirteach i soláthar scoile sna ceantair sin ach amháin dá ndéanfaí cuid den soláthar scoile atá ann cheana sna ceantair a dhífheistiú ar an gcoinníoll go bhfuil éileamh imleor ó thuismitheoirí le haghaidh rogha níos leithne pátrúnachta.

Reáchtáladh na suirbhéanna sna cúig cheantar phíolótacha go príomha trí shaoráid ar líne a forbraíodh go sonrach chun na críche sin. Bhí foirmeacha suirbhé páipéir ar fáil freisin do thuismitheoirí sna ceantair atá i gceist trí líne chabhrach saorghlao le haghaidh aon duine a theastaigh uathu foirm suirbhé pháipéir a iarraidh. 98.9% a bhí i

gcéatadán na bhfreagairtí ar an suirbhé a fuarthas ar líne ach cuireadh 1.1% de na freagairtí ar ais ar fhoirmeacha suirbhé páipéir.

D'fhonn tuismitheoirí a chur ar an eolas, chuir gach comhlacht pátrúnachta cur síos féintuairisceithe ar an éiteas scoile ar fáil lena gcuimsiú san ábhar faisnéise ginearálta. Scaipeadh an cur síos sin chuig gach ceann de na comhlachtaí pátrúnachta chun ligean dóibh trácht ar bith a dhéanamh roimh fhoilsiú. D'aontaigh na comhlachtaí pátrúnachta cód iompair maidir le caiteachas stocaireachta agus cur chun cinn i rith thréimhse an tsuirbhé.

## Bailíochtú fhreagairtí an tsuirbhé:

Measadh freagairtí ar an suirbhé a bheith neamhbhailí mura gcuimsíodh uimhir PSP an fhreagróra iontu. Rinneadh freagairtí an tsuirbhé a sheiceáil i gcoinne na sonraí atá ag an Roinn Coimirce Sóisialaí chun a áirithiú go bhfuil gach leanbh atá liostaithe i bhfreagairt nasctha le huimhir PSP atá tugtha sa suirbhé agus go mbaineann an seoladh atá ar taifead i leith na huimhreach PSP sin leis an gceantar ábhartha. Measadh go raibh 165 freagairt suirbhé neamhbhailí ar an iomlán ós rud é nár cuireadh uimhir PSP nó ainmneacha ar fáil agus ina theannta sin bhí cuid acu ina gcóipeanna.

Foilsíodh an prótacal cosanta sonraí chun úsáid faisnéise pearsanta, uimhreacha PSP san áireamh, a rialú. Is éard a bhí i gceist leis sin ráthaíochtaí a thabhairt do fhreagróirí maidir le cosaint a gcearta rúndachta agus cosanta sonraí.

## Achoimre ar fhreagairtí an tsuirbhé:

Tá leibhéil freagartha ar an suirbhé i ngach ceann de na cúig cheantar phíolótacha léirithe i dTábla 1 thíos. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur ionann líon iomlán na bhfreagairtí bailí ar an suirbhé .i. 1,788 agus tuismitheoirí/caomhnóirí thart ar 3,500 leanaí sna cúig cheantar. Daltaí bunscoile atá i mbeagnach 73.5% de líon foriomlán na leanaí atá i gceist, fad is atá 26.5% den chohórt ina leanaí réamhscoile. Cé go bhfuil roinnt éagsúlachtaí ann sa chóimheas idir na daltaí bunscoile agus na leanaí réamhscoile i ngach ceann de na cúig shuirbhé, ní suntasach iad na héagsúlachtaí.

**Tábla 1:**

<b>Ceantar</b>	<b>Líon na freagairtí suirbhé bailí</b>	<b>Líon iomlán na leanaí a dtagraítear dóibh sna freagairtí</b>	<b>Líon iomlán na leanaí bunscoile a dtagraítear dóibh sna freagairtí</b>	<b>Líon iomlán na leanaí réamhscoile a dtagraítear dóibh sna freagairtí</b>
An tInbhear Mór	336	628	447	181
Caisleán an Bharraigh	428	864	667	197
An Trá Mhór	240	483	350	133
Baile Átha Troim	273	543	403	140

Fionnbhrú	511	941	677	264
<b>iomláin</b>	<b>1788</b>	<b>3459</b>	<b>2544</b>	<b>915</b>

Tá na leibhéil freagartha de réir tosaíochtaí léirithe i dTáblaí 2 & 3 thíos trí thagairt do roinnt táscairí amhail daonra san aoisghrúpa 0-12 bhliain, líon na ndaltaí bunscoile agus líon na leanaí réamhscoile sna ceantair. Is éard is aidhm na suirbhéanna tosaíochtaí tuismitheoirí/caomhnóirí leanaí bunscoile agus leanaí réamhscoile a chinneadh. Ar an ábhar sin tugtar faoi deara go bhfuil na leibhéil freagartha maidir le leanaí bunscoile i ngach ceann de na cúig cheantar idir 21.3% i gcás na Trá Móire agus 29.5% i gcás Chaisleán an Bharraigh. Bhí an leibhéal freagartha ó thuismitheoir/chaomhnóirí leanaí réamhscoile idir 16.1% i gcás an Inbhir Mhóir agus 27.9% i gcás Bhaile Átha Troim. Bhí céatadán an ráta freagartha níos airde ó thuismitheoirí/chaomhnóirí leanaí bunscoile i gceithre de na cúig shuirbhé ach bhí céatadán an ráta freagartha níos airde ó thuismitheoirí/chaomhnóirí leanaí réamhscoile i gcás Bhaile Átha Troim.

**Tábla 2:**

Ceantar	Líon na bhfreagairtí mar % den daonra dar aois 0-12 bhliain sa cheantar* (féach an nóta thíos)
An tInbhear Mór	23.5%
Caisleán an Bharraigh	43.1%
An Trá Mhór	26.0%
Baile Átha Troim	43.1%
Fionnbhrú	23.5 %

\* Nóta: Is chun críocha léiriúcháin iad na céatadáin sa cholún seo – bhí deis ag tuismitheoirí/caomhnóirí laistigh de na ceantair shuirbhé ghinearálta ach lasmuigh den teorainn bhaile, faoi mar atá sainithe go dlíthiúil ag an bPríomh-Oifig Staidrimh, na suirbhéanna a chomhlánú.

**Tábla 3:**

Ceantar	Líon na bhfreagairtí mar % den líon ar rolla na mbunscoileanna sa cheantar	Líon na bhfreagairtí mar % de líon na leanaí réamhscoile sa cheantar
An tInbhear Mór	22.7%	16.1%
Caisleán an Bharraigh	29.5%	23.5%
An Trá Mhór	21.3%	16.7%
Baile Átha Troim	26.7%	27.9%
Fionnbhrú	27.6%	16.4%

Tá na tosaíochtaí a luadh maidir le Gaeilge agus Béarla mar mheán teagaisc leagtha amach i dTábla 4 thíos. Tugtar faoi deara go bhfuil líon na dtosaíochtaí i bhfabhar teagaisc trí mheán an Bhéarla idir 70.4% agus 79.7% de líon iomlán na bhfreagairtí agus líon na dtosaíochtaí i bhfabhar teagaisc trí mheán na Gaeilge idir 9.7% agus 20.9% de líon iomlán na bhfreagairtí.

**Tábla 4:**

Ceantar	Líon na bhfreagairtí inar léiríodh tosaíocht i bhfabhar teagaisc trí mheán an Bhéarla	Líon na bhfreagairtí inar léiríodh tosaíocht i bhfabhar teagaisc trí mheán an Bhéarla mar % de líon iomlán na bhfreagairtí	Líon na bhfreagairtí inar léiríodh tosaíocht i bhfabhar teagaisc trí mheán na Gaeilge	Líon na bhfreagairtí inar léiríodh tosaíocht i bhfabhar teagaisc trí mheán na Gaeilge mar % de líon iomlán na bhfreagairtí
An tInbhear Mór	499	79.5%	61	9.7%
Caisleán an Bharraigh	664	76.9%	135	15.6%
An Trá Mhór	340	70.4%	101	20.9%
Baile Átha Troim	411	75.7%	78	14.4%
Fionnbhrú	750	79.7%	106	11.3%

Léirítear i dTábla 5 thíos leibhéal tacaíochta na dtuismitheoirí a léiríodh maidir le soláthar rogha níos leithne i bpátrúnacht bunscoile i gceantair suirbhé. Bhí líon na dtosaíochtaí a tugadh maidir le soláthar rogha níos leithne faoi phátrúnacht bunscoile idir 37.0% agus 50.1% de líon iomlán na bhfreagairtí. Bhí líon na dtosaíochtaí inar sonraíodh go mbainfí leas as rogha níos leithne de phátrúnacht bunscoile, dá mba rud é go mbeadh sé ar fáil, idir 25.4% agus 35.2% de líon iomlán na bhfreagairtí. Bhí líon na dtosaíochtaí a léiríodh nár thacaigh le soláthar rogha níos leithne faoi phátrúnacht bunscoile idir 34.8% agus 44.0%.

**Tábla 5:**

Ceantar	Líon na bhfreagairtí a thacaíonn le rogha níos leithne pátrúnachta sa cheantar	Líon na bhfreagairtí a thacaíonn le rogha níos leithne pátrúnachta mar % de líon iomlán na bhfreagairtí	Líon na bhfreagairtí a bhainfeadh leas as rogha níos leithne pátrúnachta sa cheantar	Líon na bhfreagairtí inar sonraíodh go mbainfidís leas as rogha níos leithne pátrúnachta mar % de líon iomlán na bhfreagairtí	Líon na bhfreagairtí nach dtacaíonn le rogha níos leithne pátrúnachta	Líon na bhfreagairtí nach dtacaíonn le rogha níos leithne pátrúnachta mar % de líon iomlán na bhfreagairtí
An tInbhear Mór	279	44.4%	192	30.6%	234	37.3%
Caisleán an Bharraigh	320	37.0%	228	26.4%	353	40.9%
An Trá Mhór	242	50.1%	170	35.2%	168	34.8%
Baile Átha Troim	206	37.9%	138	25.4%	239	44.0%
Fionnbhrú	356	37.8%	292	31.0%	374	39.7%

Léirítear i dTábla 6 leibhéal na dtosaíochtaí ó thuismitheoirí i bhfabhar comhlachtaí pátrúnachta a chuir iarratas isteach le bheith breithnithe le haghaidh pátrúnachta bunscoile sna cúig cheantar. Ní léirítear sa tábla sin ach na chéad tosaíochtaí a tugadh i ngach ceantar. Tá sonraí iomlána na dtosaíochtaí uile a léiríodh ar an ábhar sin san áireamh i ndoiciméid anailíse mhionsonraithe ar leith maidir le gach ceann de na cúig cheantar atá cuimsithe in Aguisíní 1 go 5. Bhí dhá iarratasóir pátrúnachta eile ann i gcás Chaisleán an Bharraigh nach bhfuil san áireamh sa tábla thíos. Is ionann na pátrúin sin agus Eaglais Shlánaithe Chríostaí Dé agus an Gréasán Náisiúnta Foghlama agus b'ionann líon na gcéad tosaíochtaí a tugadh ar a son agus 9.4% agus 7.0% faoi seach as líon iomlán na bhfreagairtí a cuireadh ar ais i suirbhé Chaisleán an Bharraigh.

**Tábla 6:**

Ceantar	Líon na gcéad tosaíochtaí i gcomhair Ag Foghlaim le Chéile	Líon na gcéad tosaíochtaí i gcomhair Ag Foghlaim le Chéile mar % de líon iomlán na bhfreagairtí ag tacú le rogha níos leithne	Líon na gcéad tosaíochtaí i gcomhair Coiste Gairmoideachais	Líon na gcéad tosaíochtaí i gcomhair Coiste Gairmoideachais mar % de líon iomlán na bhfreagairtí ag tacú le rogha níos leithne	Líon na gcéad tosaíochtaí i gcomhair an Fhorais Phátrúnachta	Líon na gcéad tosaíochtaí i gcomhair an Fhorais Phátrúnachta mar % de líon iomlán na bhfreagairtí ag tacú le rogha níos leithne
An tInbhear Mór	114	59.4%	19	9.9%	50	26.0%
Caisleán an Bharraigh	132	57.9%	32	14.0%	14	6.1%
An Trá Mhór	95	55.9%	31	18.2%	35	20.6%
Baile Átha Troim	105	76.1%	19	13.8%	9	6.5%
Fionbhrú	214	73.3%	29	9.9%	40	13.7%

### Conclúidí:

Is é aidhm na suirbhéanna leibhéal éileamh na dtuismitheoirí ar rogha níos leithne i bpátrúnacht na mbunscoileanna laistigh de na ceantair sin a thomhas. Díríonn na doiciméid anailíse mhionsonraithe faoi seach maidir le gach ceann de na cúig cheantar a ndearnadh suirbhé orthu, agus atá cuimsithe in Aguisíní 1 go 5, ar anailísiú na gceisteanna sa suirbhé a phléann leis an bhfonn pátrúnacht scoile a athrú. Déantar iniúchadh sna tuairiscí sin ar an éileamh arna léiriú maidir le bunoidreachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge i ngach ceann de na cúig cheantar.

Léiríonn an anailís mhionsonraithe ar thosaíochtaí na dtuismitheoirí arna léiriú i ngach ceann de na cúig cheantar a ndearnadh suirbhé orthu mar chuid den chleachtadh pólótach go bhfuil éileamh imleor i measc tuismitheoirí chun tacú le roinnt athruithe i bpátrúnacht scoile i ngach ceann de na cúig cheantar. Rinneadh cainníochtú ar leibhéal éileamh na dtuismitheoirí le haghaidh rogha níos leithne ar phátrúnacht scoile agus líon na leanaí i ngach ceantar. Ó thaobh dearbh-líon na ndaltaí, tá éileamh imleor ann chun bunú scoileanna il-sainchreidmheacha a chothú le haghaidh leathshruth ar a laghad de 4 sheomra ranga príomhshrutha i gceithre de na cúig cheantar (an tInbhear Mór, Caisleán an Bharraigh, an Trá Mhór agus Baile Átha

Troim) agus scoil il-sainchreidmheach aonsrutha lena mbainfeadh 8 seomra ranga príomhshrutha a bhunú i gcás Fhionnbhrú. Is ionann Ag Foghlaim le Chéile agus an phátrúnacht il-sainchreidmheach a bhain an líon is mó céad tosaíochtaí amach, mar aon le líon is mó na dtosaíochtaí tuismitheora comhcheangailte i measc na dtuismitheoirí a thug tosaíocht i gcomhair athraithe maidir le pátrúnacht i ngach ceann de na cúig cheantar a ndearnadh suirbhé orthu.

De thairbhe líon iomlán na rátaí freagartha maidir le leanaí bunscoile agus réamhscoile, bheadh sé réasúnta toimhde a dhéanamh gur dhócha go dtiocfaidh méadú ar leibhéal an éilimh faoi dheireadh, ó thaobh dearbh-líon de, ón leibhéal arna chainníochtú sna suirbhéanna seo. Ar an ábhar sin tharlódh go mbeadh sé áisiúil ráta fáis agus forbartha na scoileanna nua ar bunaíodh iad i rith na tréimhse 2002 agus 2008 a thabhairt faoi deara, a raibh an-chuid acu ina scoileanna Béarla il-sainchreidmheacha nó ina scoileanna lán-Ghaeilge. I rith na tréimhse sin b'ionann líon íosta na ndaltaí atá riachtanach chun scoil nua a thionscnamh agus 17 naíonán sóisearach ag méadú go 51 dalta i ndiaidh 3 bliana. Cuireadh tús le han-chuid de na scoileanna nua gan ach líon íosta na ndaltaí agus laistigh de roinnt blianta tháinig méadú ar an líon de réir a chéile go dtí gur iompaíodh iad ina scoileanna iomlána aonsrutha trína ndéantar freastal ar suas le 224 dalta. I roinnt cásanna eile forleathnaíodh na scoileanna nua ina dhiaidh sin chun a bheith ina scoileanna dhá shruth trína ndearnadh freastal ar suas le 448 daltaí. I gceantair na suirbhéanna píolótacha, tá líon na ndaltaí bunscoile agus na leanaí réamhscoile a shonraigh a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí go mbainfidh siad leas as rogha níos leithne pátrúnachta scoile dá gcuirfí a leithéid ar fáil, níos mó i ngach cás ná an líon íosta a bhí riachtanach chun scoil nua a thosú i rith na tréimhse 2002 go 2008.

Bhí leibhéal na dtosaíochtaí ó thuismitheoirí le haghaidh bunoidreachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge i ngach ceann de na ceantair shuirbhé an-ghar do leibhéal an tsoláthair reatha de scoileanna lán-Ghaeilge sna ceantair sin. Tharlódh go mbeidh sé riachtanach monatóireacht a dhéanamh ar chlárúithe ar an rolla sna scoileanna lán-Ghaeilge sna ceantair sin d'fhonn a áirithiú go bhfuil acmhainn imleor ag na scoileanna freastal ar leibhéal an éilimh a bheidh ann sna blianta amach romhainn.

Bheadh gá iniúchadh mionsonraithe a dhéanamh ar atheagrú na scoileanna sna cúig cheantar shuirbhé agus ar a n-athchumrú féideartha le breathnú an mbeifí in ann foirgnimh scoile a chur ar fáil le haghaidh pátrú(i)n nua dá ndéanfaí é an méid a thiocfadh leis an éileamh a tugadh le fios ó thuismitheoirí. I roinnt cásanna, mar shampla, d'fhéadfadh atheagrú scoileanna laistigh de na ceantair shuirbhé ina scoileanna comhoideachais lán-ingearacha (naíonán sóisearach go dtí rang a sé) acmhainn spártha leordhóthanach a chruthú nó úsáid foirgneamh scoile a chur ar fáil ionas go bhféadfaí foráil a dhéanamh do chomhlacht pátrúnachta nua. Tá cuid de na breithnithe a d'fhéadfadh a bheith i gceist i gcás gach ceann de na ceantair shuirbhé curtha ar fáil sna tuairiscí anailíse mionsonraithe i leith an tsuirbhé atá cuimsithe sna hAguisíní. D'fhéadfadh luach a bheith ar na breithnithe sin nuair a bheidh iniúchadh mionsonraithe á dhéanamh ar atheagrú na scoileanna agus a n-athchumrú féideartha ag Pátrúin sna cúig cheantar shuirbhé. Ba cheart go ndéanfaidh aon iniúchadh ar na roghanna chun foirgnimh scoile (nó codanna díobh) a chur ar fáil do phátrúin nua méid dóchúil fadtéarmach aon scoil dá leithéid a thabhairt san áireamh, seachas méid scoil an phátrúin nua ar a dáta tosaithe amháin.

Maidir leis sin, tá sé molta gur ceart iarraidh ar an bpríomhphátrún (an tEaspag Caitliceach) i ngach ceantar breathnú ar na roghanna athchumraíochta trína gcuirfí



cóiríocht ar fáil do scoil aonsrutha iomlán amháin i gcomhair soláthair ag an bPátrún malartach céadrogha (Ag Foghlaim le Chéile i ngach cás).

## **Aguisín 1: An tInbhear Mór**

### **Ráta Freagartha**

Fuarthas 373 freagairt in iomlán ar an suirbhé i gceantar an Inbhir Mhóir agus fuarthas 368 acu ar líne mar aon le 5 shuirbhé páipéir, trína ndearnadh ionadaíocht ar son 689 leanaí san iomlán. Bhí seacht suirbhé is tríocha neamhbhailí toisc nach raibh UPSP bailí iontu, nár cuireadh ainm leo nó nach raibh leanaí acu ar an réamhscoil nó ar an mbunscoil. Bhain na tosaíochtaí bailí le 628 leanaí, ar leanaí réamhscoile 181 díobh agus ar leanaí atá ag freastal ar an mbunscoil 447 díobh. As líon na dtosaíochtaí bailí tá 426 díobh ó laistigh de theorainn an bhaile mar atá sainithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh, tá 126 díobh ó laistigh de 5km ón mbaile, tá 52 díobh ó idir 5km agus 10km ón mbaile agus tá 15 díobh ó idir 10km agus 15km ó theorainn an bhaile agus tá 9 díobh 15km nó níos mó ón mbaile.

### **Staid Dhéimeagrafach**

Tá méadú tagtha ar an líon a cuireadh ar an rolla san Inbhear Mór le deich mbliana anuas ó 1,566 dalta in 2001 go dtí 1,965 in iomlán in 2011/2012. Faoi láthair tá 932 daltaí ann sna ceithre ghrúpa de ranganna sinsearach i gcomparáid le 1,004 dalta sna ceithre ghrúpa de ranganna sóisearacha sa cheantar. Léirítear i sonraí sochar linbh go mbeidh líon na naíonán sóisearach a chuirfear ar an rolla réasúnta seasmhach thar an gcéad cheithre bliana eile. Léirítear i sonraí ón Roinn Coimirce Sóisialaí go raibh thart ar 296 leanaí cúig bliana d'aois sa cheantar i Meán Fómhair 2012 agus táthar ag tuar go méadóidh an líon sin go thart ar 312 leanaí cúig bliana d'aois faoi 2015. Léirítear in anailís ar dhaonáireamh 2011 gurb ionann líon na leanaí idir 0 agus 12 bhliain d'aois atá ina gcónaí laistigh de theorainn an bhaile agus 2,668 agus go bhfuil 1,126 leanaí idir 1 agus 5 bliana d'aois agus 894 leanaí idir 8 agus 12 bhliain d'aois ann, tásc a léiríonn daonra scoile atá réasúnta seasmhach.

### **Scoileanna Reatha**

Tá 5 scoil laistigh den bhaile agus tá trí scoil eile laistigh de 5km ón mbaile. Tá sé cheann de na hocht scoil ina scoileanna Caitliceacha Béarla ina bhfuil 1,510 in iomlán ar an rolla nó 77% den líon ar rolla ar an iomlán. Tá scoil amháin faoi phátrúnacht Eaglais na hÉireann ann ina bhfuil thart ar 180 daltaí ar an rolla, ar ionann iad agus 9% den líon iomlán ar an rolla sa bhaile. Is gaelscoil idirchreidmheach í an scoil eile sa cheantar ina bhfuil thart ar 245 daltaí. Dealraítear go bhfuil an ghaelscoil ag baint leasa as iomlán a hacmhainneachta nó gar di agus le 10 mbliana anuas tá méadú tagtha ar an líon ar an rolla sna Scoileanna Caitliceacha Béarla ó 1,381 in 2006 go 1,539 in 2011.

As na trí scoileanna Caitliceacha sa bhaile tá ceann acu ina scoil shóisearach le haghaidh buachaillí ina bhfuil 6 sheomra ranga agus thart ar 140 daltaí, tá ceann acu ina scoil le haghaidh buachaillí ina bhfuil 11 sheomra ranga agus thart ar 200 daltaí agus is scoil le haghaidh cailíní í an tríú ceann a bhfreastalaíonn beagnach 400 daltaí uirthi.

### **Anailís Suirbhé**

As na 560 tosaíocht a léiríodh i gcomhair teanga teagaisc faoi leith bhí tosaíocht ann i gcomhair oideachais Bhéarla, le 499 tosaíocht ann i gcomhair an Bhéarla agus 61 i gcomhair na Gaeilge. Dealraítear dá réir sin go bhfuil foráil leordhóthanach á déanamh don Ghaeilge san Inbhear Mór ós rud é go bhfuil gaelscoil aonsrutha sa bhaile faoi láthair.

Maidir leis an gceist faoi rogha níos leithne pátrúnachta sa cheantar sonraíodh in 279 de na 628 tosaíocht go gcuirfidís fáilte roimh rogha pátrúnachta níos leithne agus sonraíodh i 192 acu go mbainfidís leas as an rogha sin. As na 192 sin bhí 76 leanaí réamhscoile agus 116 leanaí scoile i gceist. As na 116 sin tá 70 idir na naíonáin shóisearacha agus rang a dó agus tá an chuid eile sna grúpaí ranga sinsearacha idir rang a trí agus rang a sé. Astu siúd a shonraigh go mbainfidís leas as athrú pátrúnachta tá 115 díobh ina gcónaí sa bhaile, tá 23 díobh as ceantar laistigh de 5km ón mbaile, tá 9 díobh as ceantar idir 5km agus 10km ón mbaile agus tá an chuid eile díobh ina gcónaí níos faide ná 10km ó theorainn an bhaile.

Bhí 114 céad tosaíocht ann i gcomhair Ag Foghlaim le Chéile, 50 i gcomhair an Fhorais Phátrúnachta agus 19 i gcomhair an Choiste Gairmoideachais a bhfuil scoil il-sainchreidmheach Béarla á moladh acu. San iomlán bhí 166 tosaíocht ann i gcomhair Ag Foghlaim le Chéile, 97 i gcomhair Coiste Gairmoideachais agus 98 i gcomhair an Fhorais Phátrúnachta. Tá Ag Foghlaim le Chéile agus an Coiste Gairmoideachais ag moladh scoile Béarla il-sainchreidhmhí agus is ionann líon a gcéad tosaíochtaí le chéile agus 133 ar an iomlán. Is cosúil go bhfuil cohórt líonmhar tuismitheoirí ann go háitiúil a bhainfeadh leas as scoil Béarla il-sainchreidmheach dá mbeadh ceann ar fáil.

As na 359 tosaíocht bhailí inar sonraíodh nach mbainfidís leas as rogha pátrúnachta nua sa bhaile shonraigh 210 díobh go mba mhaith leo é dá ndéanfaí na scoileanna reatha a athstruchtúru toisc gurbh fhearr leo oideachas comhoideachais seachas oideachas aonghnéis. Níor cuireadh an cheist sin ach orthu siúd a dúirt nach mbainfidís leas as an rogha bhreise sa cheantar dá dtairgí í.

### **Conclúid na hAnailíse**

Ag cur san áireamh líon na bhfreagróirí a shonraigh go mbainfidís leas as rogha eile pátrúin is léir go bhfuil éileamh inmharthana ann i gcomhair athrú a dhéanamh sa cheantar. Bheadh gá tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar cén dóigh go díreach a n-éascófaí an t-athrú sin ach dá ndéanfaí na scoileanna laistigh den cheantar a atheagrú b'fhéidir go bhféadfaí rogha níos mó a thairiscint. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach ndéanfaidh athrú ar bith méadú ar líon foriomlán na ndaltaí ar a bhfreastalófar sna foirgnimh scoile reatha sa cheantar.

Bhí léirithe ann ar son 80 leanaí scoile inar sonraíodh go mbainfidís leas as scoil il-sainchreidmheach Bhéarla dá mbeadh an rogha sin ar fáil. Chuirfeadh an leibhéal sin tacaíocht go leor daltaí ar fáil láithreach chun thart ar 3 sheomra ranga a líonadh. Léirigh tuismitheoirí tosaíochtaí ar son 53 leanaí scoile inar sonraíodh go mbainfidís leas as scoil il-sainchreidmheach Bhéarla dá mbeadh an rogha sin ar fáil. Léiríonn an leibhéal sin de ghlacadh féideartha daltaí go mbeadh méid fadtéarmach réamh-mheasta de leath scoil aonsrutha ar a laghad (lena gcuimseofar 4 sheomra ranga) de dhíth chun freastal ar leibhéal an éilimh.

D'fhéadfaí foirgneamh a chur ar fáil le haghaidh pátrúin nua de thoradh ar iniúchadh mionsonraithe a dhéanamh ar atheagrú na scoileanna sa bhaile agus ar a n-athchumrú féideartha.

Ba cheart iarraidh ar an bpríomhphátrún anois (an tArd-Easpag Caitliceach) breathnú ar na roghanna athchumraíochta trína gcuirfí cóiríocht ar fáil le haghaidh scoil Ag Foghlaim le Chéile sa cheantar. Ag cur na riachtanas fadtéarmach dóchúil san áireamh, ba cheart breathnú ar roghanna cóiríochta le haghaidh soláthar aonsrutha.

## Aguisín 1.A

Scoil	Achar*	Clárú 2001	Clárú 2011	Éiteas	Inscene	Pátrún
S N Cul Greine	2km	123	82	Caitliceach	Measctha	An tArd-Easpag
S N Naomh Padraig	5km	58	93	Caitliceach	Measctha	An tArd-Easpag
St Josephs NS	5km	501	638	Caitliceach	Measctha	An tArd-Easpag
An T Inbhear Mor B N S	AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH	229	201	Caitliceach	Buachaillí	An tArd-Easpag
S N Naomh Michael	AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH	341	389	Caitliceach	Cailíní	An tArd-Easpag
Carysfort Mxd N S	AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH	131	182	Eaglais na hÉireann	Measctha	Ard-Easpag Eaglais na hÉireann
St Peters Infts	AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH	87	136	Caitliceach	Buachaillí	An tArd-Easpag
Gaelscoil An Inbhir Mhoir	AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH	96	244	Idirchreidmheach	Measctha	An Foras Pátrúnachta

\* Tagraíonn sé seo d'fhad na scoileanna ón mbaile agus ciallaíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh go bhfuil an scoil laistigh de theorainn an bhaile.

## Aguisín 1.B

### Sonraí maidir le freagairtí

Ceist	Leanaí Réamhscoile	Leanaí Scoile	Líon na dTosaíochtaí
Líon na leanaí -	181	447	628
B'fhearr liom Béarla -	129	370	499
B'fhearr liom Gaeilge -	20	41	61
Níl tosaíocht teanga agam -	29	36	65
B'fhearr liom rogha níos leithne -	96	183	279
Bhainfinn leas as rogha níos leithne -	76	116	192
Níl rogha níos leithne uaim -	55	179	234
Ní bhainfinn leas as rogha níos leithne -	87	272	359
Níl tosaíocht ar bith agam maidir le rogha níos leithne	28	77	105
Níl tosaíocht ar bith agam maidir le leas a bhaint as rogha níos leithne má tá sé ar fáil	16	55	71
Is é Ag Foghlaim le Chéile mo chéad tosaíocht -	48	66	114
Is é Coiste Gairmoideachais mo chéad tosaíocht -	5	14	19
Is é an Foras mo chéad tosaíocht -	19	31	50
Is é Ag Foghlaim le Chéile mo dhara tosaíocht -	20	11	31
Is é Coiste Gairmoideachais mo dhara tosaíocht -	16	23	39
Is é an Foras mo dhara tosaíocht -	10	14	24
Is é Ag Foghlaim le Chéile mo thrú tosaíocht -	10	11	21
Is é Coiste Gairmoideachais mo thrú tosaíocht -	16	23	39
Is é an Foras mo thrú tosaíocht -	10	14	24
An Foras mar phátrún reatha agus mar chéad tosaíocht -	7	21	28
Caitliceach mar phátrún reatha agus mar chéad tosaíocht -	65	207	272
Eaglais na hÉireann mar phátrún reatha agus mar chéad tosaíocht -	8	36	44
An Foras mar phátrún reatha agus mar dhara tosaíocht -	5	12	17
Caitliceach mar phátrún reatha agus mar dhara tosaíocht -	23	61	84
Eaglais na hÉireann mar phátrún reatha agus mar dhara tosaíocht -	8	22	30
An Foras mar phátrún reatha agus mar thrú tosaíocht -	3	11	14
Caitliceach mar phátrún reatha agus mar thrú tosaíocht -	13	31	44
Eaglais na hÉireann mar phátrún reatha agus mar thrú tosaíocht -	6	13	19
Ba mhaith liom go ndéanfaí na scoileanna reatha a atheagrú -	50	160	210

Líon na dTosaíochtaí i gcomhair Ag Foghlaim le Chéile	78	88	166
Líon na dTosaíochtaí i gcomhair Coiste Gairmoideachais	37	60	97
Líon na dTosaíochtaí i gcomhair an Fhorais (Il-sainchreidmheach)	39	59	98
Líon na dTosaíochtaí i gcomhair an Fhorais - Caitliceach	15	44	59
Líon na dTosaíochtaí i gcomhair Caitlicigh	101	299	400
Líon na dTosaíochtaí i gcomhair Eaglais na hÉireann	22	71	93
<b>Anailís Láithreach</b>			
<b>Ag Foghlaim le Chéile mar Chéad Tosaíocht</b>	Réamhscoil	Scoil	Iomlán
Laistigh den Bhaile	41	50	91
0 go 5 KM ón mbaile	4	12	16
6 go 10 KM ón mbaile	2	3	5
11 go 15 KM ón mbaile	1	1	2
16 go 20 KM ón mbaile	0	0	0
Os cionn 20KM ón mbaile	0	0	0
	48	66	114
<b>Láthair na dTosaíochtaí Bailí Uile</b>	Réamhscoil	Scoil	Iomlán
Sa Bhaile	125	301	426
0 go 5	35	91	126
6 go 10	13	39	52
11 go 15	4	11	15
Os cionn 15	4	5	9
Láthair na nDaoine a bhainfeadh leas as Athrú	Réamhscoil	Scoil	Iomlán
Sa Bhaile	64	88	152
0 go 5	6	17	23
6 go 10	2	7	9
11 go 15	2	1	3
Os cionn 15	2	3	5

## **Aguisín 2: Caisleán an Bharraigh**

### **Ráta Freagartha**

Fuarthas 464 freagairt san iomlán ar an suirbhé i gceantar Chaisleán an Bharraigh, astu sin fuarthas 456 díobh ar líne agus cuireadh 9 suirbhé páipéir ar ais. B'ionann líon comhcheangailte na bhfreagairtí agus 933 leanaí ar an iomlán. Bhí sé shuirbhé is tríocha neamhbhailí toisc nach raibh UPSP bailí iontu, nár cuireadh ainm leo nó nach raibh leanaí acu ar an réamhscoil nó ar an mbunscoil. Bhain na tosaíochtaí bailí le 864 leanaí, ar leanaí réamhscoile 197 díobh agus ar leanaí atá ag freastal ar an mbunscoil 667 díobh. As líon na dtosaíochtaí bailí tá 450 díobh ó laistigh de theorainn an bhaile mar atá sainithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh, tá 316 díobh ó laistigh de 5KM ón mbaile, tá 70 díobh ó idir 5km agus 10km ón mbaile agus tá 12 díobh ó idir 10km agus 15km ó theorainn an bhaile agus tá 16 díobh 15km nó níos mó ón mbaile.

### **Staid Dhéimeagrafach**

Tá méadú tagtha ar an líon a cuireadh ar an rolla i gCaisleán an Bharraigh le deich mbliana anuas ó 2,023 dalta in 2001 go dtí 2,261 san iomlán in 2011/12. Is é 1,147 dalta líon iomlán na ndaltaí sna ranganna sóisearacha (na Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang a Dó, go huile) sa cheantar agus tá 1,094 dalta sna ceithre ghrúpa de ranganna sinsearacha. Léirítear i sonraí sochar linbh go mbeidh líon na naíonán sóisearach a chuirfear ar an rolla seasmhach thar an gcéad cheithre bliana eile ós rud é go raibh thart ar 280 daoine a bhí cúig bliana d'aois ann in 2012 agus méadóidh sé sin go dtí 287 daoine a bheidh cúig bliana d'aois ann in 2015. Léirítear in anailís ar dhaonáireamh 2011 gurb ionann líon na leanaí idir 0 agus 12 bhliain d'aois atá ina gcónaí laistigh de theorainn an bhaile agus 2,005 leanaí agus go bhfuil 838 leanaí idir 1 agus 5 bliana d'aois agus 675 leanaí idir 8 agus 12 bhliain d'aois ann. Léirítear sna sonraí sin ar fad nach mbeidh scoil nua de dhíth sa cheantar chun críocha déimeagrafacha sna blianta amach romhainn.

### **Scoileanna Reatha**

Tá 3 scoil ann laistigh de theorainn an bhaile, 4 scoil laistigh de 2km ó theorainn an bhaile agus 4 scoil eile laistigh de raon 5km ón mbaile. Tá éiteas Caitliceach san aon scoil déag go léir agus múineann siad go léir trí mheán an Bhéarla ach i gcás ceann amháin acu. Tá thart ar 220 dalta ar rolla na scoile lán-Ghaeilge agus is ionann é sin agus thart ar 10% den líon iomlán de 2,260 dalta san 11 scoil. Le 10 mbliana anuas tá méadú tagtha ar an líon ar an rolla sna Scoileanna Caitliceacha Béarla ó 1,805 go 2,043 in 2011.

Tá ceann de na scoileanna Caitliceacha Béarla sa bhaile ina scoil le haghaidh buachaillí agus ceann amháin eile ina scoil le haghaidh cailíní. Is scoileanna measctha iad na 4 scoil atá lonnaithe laistigh de 2km ó theorainn an bhaile.

### **Anailís Suirbhé**

As na 799 tosaíocht a léiríodh i gcomhair teanga teagaisc faoi leith bhí 664 tosaíocht ann i gcomhair oideachais trí Bhéarla agus 135 i gcomhair na Gaeilge mar mheán teagaisc. Baineann líon na léirithe tosaíochta i gcomhair teagaisc trí mheán na Gaeilge le 35 leanaí i gcás chohórt na dtosaíochtaí réamhscoile. Tá gael scoil sa bhaile faoi láthair agus ba cheart go mbeadh sí in ann freastal ar an leibhéal iontógála sin sna blianta atá le teacht agus is cosúil, dá réir sin, go bhfuil acmhainn leordhóthanach ann

chun freastal ar an éileamh ar oideachas trí mheán na Gaeilge i gceantar Chaisleán an Bharraigh.

As na 864 tosaíochtaí bailí a fuarthas, sonraíodh in 320 díobh go gcuirfidís fáilte roimh rogha pátrúnachta níos leithne agus sonraíodh i 228 díobh go mbainfidís leas as an rogha sin. As na 228 léirithe sin, bhain 68 díobh le leanaí réamhscoile agus 160 díobh le leanaí bunscoile. As na 160 leanaí bunscoile tá 81 leanaí i ranganna idir naíonáin shóisearacha agus rang a dó, go huile, agus tá an chuid eile sna grúpaí ranga sinsearachacha ó rang a trí go dtí rang a sé, go huile. Astu siúd a shonraigh go mbainfidís leas as an rogha bhreise tá 115 díobh ina gcónaí sa cheantar laistigh de theorainn an bhaile, tá 85 díobh as ceantar laistigh de 5km ón mbaile, tá 17 díobh as ceantar idir 5km agus 10km ón mbaile agus tá an chuid eile díobh ina gcónaí níos faide ná 10km ó theorainn an baile.

Bhí 132 céad tosaíocht ann i gcomhair Ag Foghlaim le Chéile, 32 i gcomhair an Choiste Gairmoideachais, 14 i gcomhair an Fhorais Phátrúnachta, 16 i gcomhair an Ghréasáin Náisiúnta Foghlama agus 18 i gcomhair Eaglais Shlánaithe Chríostaí Dé. Ar an iomlán bhí 197 tosaíocht ann i gcomhair Ag Foghlaim le Chéile, 120 i gcomhair an Choiste Gairmoideachais, 59 i gcomhair an Fhorais Phátrúnachta, 75 i gcomhair an Ghréasáin Náisiúnta Foghlama agus 30 i gcomhair Eaglais Shlánaithe Chríostaí Dé. Tá trí cheann de na pátrúin sin ag moladh scoile Béarla il-sainchreidmhí agus is ionann a gcéad tosaíocht le chéile agus 180. Dá bhrí sin tá an chosúlacht ann go bhfuil cohórt láidir tuismitheoirí áitiúla ann ar mian leo rogha bhreise pátrúin a bheith sa cheantar agus a bhainfeadh leas as an rogha sin.

As na 503 tosaíochtaí inar sonraíodh nach mbainfidís leas as rogha pátrúnachta níos leithne dá dtairgí í i gCaisleán an Bharraigh shonraigh 310 go mba maith leo é dá ndéanfaí na scoileanna reatha a athstruchtúró toisc gurbh fhéarr leo oideachas comhoideachais ná oideachas aonghnéis.

### **Conclúid na hAnailíse**

Ag cur san áireamh líon na bhfreagróirí a shonraigh go mbainfidís leas as rogha eile pátrúin is léir go bhfuil éileamh inmharthana ann i gcomhair athrú a dhéanamh sa cheantar. Bheadh gá tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar cén dóigh go díreach a n-éascófaí an t-athrú sin ach dá ndéanfaí na scoileanna laistigh den cheantar a atheagrú b'fhéidir go bhféadfaí rogha níos mó a thairiscint. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach ndéanfaidh athrú ar bith méadú ar líon foriomlán na ndaltaí ar a bhfreastalófar sna foirgnimh scoile reatha sa cheantar.

Bhí 228 tosaíocht ann inar sonraíodh go mbainfidís leas as rogha níos leithne agus tá 160 de na leanaí sin ar scoil i láthair na huair. Bhí léirithe ann ar son 130 leanaí scoile inar sonraíodh go mbainfidís leas as scoil il-sainchreidmheach Bhéarla dá mbeadh an rogha sin ar fáil. Chuirfeadh an leibhéal sin tacaíochta go leor daltaí ar fáil láithreach chun thart ar 5 sheomra ranga a líonadh. Léirigh tuismitheoirí tosaíochtaí ar son 50 leanaí scoile inar sonraíodh go mbainfidís leas as scoil il-sainchreidmheach Bhéarla dá mbeadh an rogha sin ar fáil. Léiríonn an leibhéal sin de ghlacadh féideartha daltaí go mbeadh méid fadtéarmach réamh-mheasta de leath scoil aonsrutha ar a laghad (lena gcuimseofar 4 sheomra ranga) de dhíth chun freastal ar leibhéal an éilimh.

Bheadh gá iniúchadh mionsonraithe a dhéanamh ar atheagrú na scoileanna sa bhaile agus ar a n-athchumrú féideartha le breathnú an mbeadh spás breise ann le haghaidh



pátrúin nua dá ndéanfaí é sin. Mar shampla, dá ndéanfaí scoileanna sa bhaile nó gar don bhaile a atheagrú ina scoileanna comhoideachais lán-ingearacha (naíonáin shóisearacha go dtí rang a sé) d'fhéadfaí acmhainn leordhóthanach a chruthú nó foirgneamh scoile a chur ar fáil ionas go bhféadfaí foráil a dhéanamh do chomhlacht pátrúnachta nua.

Bheadh gá tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar cén dóigh go díreach a n-éascófaí an t-athrú sin ach dá ndéanfaí na scoileanna laistigh den bhaile agus laistigh de 2km ón mbaile a atheagrú b'fhéidir go bhféadfaí rogha níos mó a thairiscint.

Ba cheart iarraidh ar an bpríomhphátrún anois (an tEaspag Caitliceach) breathnú ar na roghanna athchumraíochta trína gcuirfí cóiríocht ar fáil le haghaidh scoil Ag Foghlaim le Chéile sa cheantar. Ag cur na riachtanas fadtéarmach dóchúil san áireamh, ba cheart breathnú ar roghanna cóiríochta le haghaidh srutha soláthair iomláin.

## Aguisín 2.A

Scoil	Achar*	Clárú 2001	Clárú 2011	Éiteas	Inscne
St. Josephs NS	2km	86	92	Caitliceach	Measctha
St. Peters NS	2km	260	297	Caitliceach	Measctha
Breaffy NS	2km	255	435	Caitliceach	Measctha
S N B Curnanool	2km	37	38	Caitliceach	Measctha
S N Beal Atha na Hein	5km	57	61	Caitliceach	Measctha
S N Oilean Eadaigh	5km	50	58	Caitliceach	Measctha
S N Beal Caradh	5km	66	130	Caitliceach	Measctha
S N Naomh Brid C	5km	67	74	Caitliceach	Measctha
S N Naomh Pdraig	AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH	436	462	Caitliceach	Buachaillí
Convent of Mercy NS	AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH	480	396	Caitliceach	Cailíní
Scoil Raifteiri	AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH	229	218	Caitliceach	Measctha

\* Tagraíonn sé seo d'fhad na scoileanna ón mbaile agus ciallaíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh go bhfuil an scoil laistigh de theorainn an bhaile.

**Aguisín 2.B**  
**Sonraí maidir le freagairtí bailí**

<b>Ceist</b>	<b>Leanaí Réamhscoile</b>	<b>Leanaí Scoile</b>	<b>Líon na dTosaíochtaí</b>
Líon na leanaí -	197	667	864
B'fhearr liom Béarla -	143	521	664
B'fhearr liom Gaeilge -	35	100	135
Níl tosaíocht teanga agam -	13	43	56
B'fhearr liom rogha níos leithne -	83	237	320
Bhainfinn leas as rogha níos leithne -	68	160	228
Níl rogha níos leithne uaim -	64	289	353
Ní bhainfinn leas as rogha níos leithne -	98	405	503
Níl tosaíocht ar bith agam maidir le rogha níos leithne	45	133	178
Níl tosaíocht ar bith agam maidir le leas a bhaint as rogha níos leithne má tá sé ar fáil	25	99	124
Is é Ag Foghlaim le Chéile mo chéad tosaíocht -	36	96	132
Is é Coiste Gairmoideachais mo chéad tosaíocht -	4	28	32
Is é An Foras mo chéad tosaíocht -	5	9	14
Is é an Gréasán Náisiúnta Foghlama mo chéad tosaíocht	10	6	16
Is é Eaglais Shlánaithe Chríostaí Dé mo chéad tosaíocht	7	11	18
Is é Ag Foghlaim le Chéile mo dhara tosaíocht -	16	32	48
Is é Coiste Gairmoideachais mo dhara tosaíocht -	18	33	51
Is é An Foras mo dhara tosaíocht -	9	16	25
Is é an Gréasán Náisiúnta Foghlama mo dhara tosaíocht	7	15	22
Is é Eaglais Shlánaithe Chríostaí Dé mo dhara tosaíocht	0	2	2
Is é Ag Foghlaim le Chéile mo thríú tosaíocht -	7	6	13
Is é Coiste Gairmoideachais mo thríú tosaíocht -	8	19	27
Is é An Foras mo thríú tosaíocht -	7	6	13
Is é an Gréasán Náisiúnta Foghlama mo thríú tosaíocht	8	23	31
Is é Eaglais Shlánaithe Chríostaí Dé mo thríú tosaíocht	2	0	2
Is é Ag Foghlaim le Chéile mo cheathrú tosaíocht -	2	1	3
Is é Coiste Gairmoideachais mo cheathrú tosaíocht -	4	6	10
Is é an Foras mo cheathrú tosaíocht -	1	5	6
Is é an Gréasán Náisiúnta Foghlama mo cheathrú tosaíocht	2	4	6
Is é Eaglais Shlánaithe Chríostaí Dé mo cheathrú tosaíocht	0	0	0
Is é Ag Foghlaim le Chéile mo chúigiú tosaíocht -	1	0	1

Is é Coiste Gairmoideachais mo chúigiú tosaíocht -	0	0	0
Is é an Foras mo chúigiú tosaíocht -	0	1	1
Is é an Gréasán Náisiúnta Foghlama mo chúigiú tosaíocht	0	0	0
Is é Eaglais Shlánaithe Chríostaí Dé mo chúigiú tosaíocht	2	6	8
Ba mhaith liom go ndéanfaí na scoileanna reatha a atheagrú -	65	245	310
Líon na dTosaíochtaí i gcomhair Ag Foghlaim le Chéile	62	135	197
Líon na dTosaíochtaí i gcomhair Coiste Gairmoideachais	34	86	120
Líon na dTosaíochtaí i gcomhair An Foras (Il-sainchreidmheach)	22	37	59
Líon na dTosaíochtaí i gcomhair an Ghréasáin Náisiúnta Foghlama	27	48	75
Líon na dTosaíochtaí i gcomhair Eaglais Shlánaithe Chríostaí Dé	11	19	30
<b>Anailís Láithreach</b>			
<b>Ag Foghlaim le Chéile mar Chéad Tosaíocht</b>	Réamhscoil	Scoil	Iomlán
Laistigh den Bhaile	16	51	67
0 go 5 KM ón mbaile	12	34	46
6 go 10 KM ón mbaile	3	9	12
11 go 15 KM ón mbaile	4	1	5
16 go 20 KM ón mbaile	1	0	1
Os cionn 20KM ón mbaile	0	1	1
	36	96	132
<b>Láthair na dTosaíochtaí Bailí Uile</b>	Réamhscoil	Scoil	Iomlán
Sa Bhaile	104	346	450
0 go 5	69	247	316
6 go 10	14	56	70
11 go 15	4	8	12
16 go 20	1	0	1
Os cionn 20	5	10	15
Láthair na nDaoine a bhainfeadh leas as Athrú	Réamhscoil	Scoil	Iomlán
Sa Bhaile	32	83	115
0 go 5	24	61	85
6 go 10	6	11	17
11 go 15	4	1	5
16 go 20	1	0	1
Os cionn 20	1	4	5

## **Aguisín 3: An Trá Mhór**

### **Ráta Freagartha**

Fuarthas 276 freagairt in iomlán ar an suirbhé i gceantar na Trá Móire agus fuarthas 271 acu ar líne mar aon le 5 shuirbhé páipéir, trína ndearnadh ionadaíocht ar son 563 leanaí san iomlán. Bhí sé shuirbhé is tríocha neamhbhailí toisc nach raibh UPSP bailí iontu, nár cuireadh ainm leo nó nach raibh leanaí acu ar an réamhscoil nó ar an mbunscoil. Bhain na tosaíochtaí bailí le 483 leanaí, ar leanaí réamhscoile 133 díobh agus ar leanaí atá ag freastal ar an mbunscoil 350 díobh. As líon na dtosaíochtaí bailí tá 359 díobh ó laistigh de theorainn an bhaile mar atá sainithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh, tá 92 díobh ó laistigh de 5KM ón mbaile, tá 24 díobh ó idir 5KM agus 10KM ón mbaile agus tá 2 díobh ó idir 10KM agus 15KM ó theorainn an bhaile agus tá 6 díobh 15KM nó níos mó ón mbaile.

### **Staid Dhéimeagrafach**

Tá méadú tagtha ar an líon a cuireadh ar an rolla sa Trá Mhór le deich mbliana anuas ó 1,152 dalta in 2001 go dtí 1,644 san iomlán in 2011/2012. Is é 849 dalta líon iomlán na ndaltaí sna ranganna sóisearacha (na Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang a Dó agus iad sin san áireamh) sa cheantar seo agus tá 795 dalta sna ceithre ghrúpa ranga shinsearacha. Léirítear i sonraí sochar linbh go mbeidh líon na naíonán sóisearach a chuirfear ar an rolla seasmhach thar an gcéad cheithre bliana eile ós rud é go raibh thart ar 223 daoine a bhí cúig bliana d'aois ann in 2012 agus táthar ag tuar go mbeidh 221 daoine a bheidh cúig bliana d'aois ann in 2015. Léirítear in anailís ar dhaonáireamh 2011 gurb ionann líon na leanaí idir 0 agus 12 bhliain d'aois atá ina gcónaí laistigh de theorainn an bhaile agus 1,855 agus go bhfuil 797 leanaí idir 1 agus 5 bliana d'aois agus 742 leanaí idir 8 agus 12 bhliain d'aois ann. Léiríonn na sonraí sin go léir daonra scoile atá cuibheasach cobhsaí nach mbeidh scoil nua riachtanach ina leith chun críocha déimeagrafacha.

### **Scoileanna Reatha**

Tá 3 scoil laistigh de theorainn an bhaile agus tá 2 scoil eile ann laistigh de 5km ón mbaile. Tá éiteas Caitliceach ag na cúig scoil go léir agus múineann siad go léir trí mheán an Bhéarla ach i gcás ceann amháin acu. Tá thart ar 220 dalta ar rolla na scoile lán-Ghaeilge agus is ionann é sin agus thart ar 15% den líon iomlán de 1,644 dalta sna 5 scoil. Le 10 mbliana anuas tá méadú tagtha ar an líon ar an rolla sna Scoileanna Caitliceacha Béarla ó 1,224 go 1,425 in 2011. Is scoileanna measctha iad gach ceann de na scoileanna seachas S N Buachaillí Chill Shléibhe.

### **Anailís Suirbhé**

As na 441 tosaíocht a léiríodh i gcomhair teanga teagaisc faoi leith bhí tosaíocht ann i gcomhair oideachas Béarla, le 340 tosaíocht ann i gcomhair an Bhéarla agus 101 i gcomhair na Gaeilge. Laistigh den chohórt réamhscoile b'ionann na tosaíochtaí i gcomhair na Gaeilge agus 29 agus ba cheart a thabhairt faoi deara gur scoil aonsrutha í an ghaelscoil reatha agus dá réir sin ba cheart go mbeifí ábalta na daltaí sin a ghlacadh inti thar an gcéad trí go ceithre bliana eile. Dá bhrí sin, tá an chosúlacht ann go bhfuil foráil imleor ann don Ghaeilge sa Trá Mhór faoi láthair.

Maidir leis an gceist faoi rogha níos leithne pátrúnachta sa cheantar sonraíodh in 242 de na 483 tosaíocht bhailí go gcuirfidís fáilte roimh rogha pátrúnachta níos leithne agus sonraíodh i 170 acu go mbainfidís leas as an rogha sin. As na 170 sin bhí 61 leanaí réamhscoile agus 109 leanaí scoile i gceist. As na 109 sin tá 61 idir na naíonáin

shóisearacha agus rang a dó agus tá an chuid eile sna grúpaí ranga sinsearacha ó rang a trí go dtí rang a sé. Astu siúd a shonraigh go mbainfidís leas as an rogha bhreise tá 122 díobh ina gcónaí sa cheantar laistigh de theorainn an bhaile, tá 26 díobh as ceantar laistigh de 5km ón mbaile, tá 15 díobh as ceantar idir 5km agus 10km ón mbaile agus tá an chuid eile díobh ina gcónaí níos faide ná 10km ó theorainn an baile.

Bhí 95 céad tosaíocht ann i gcomhair Ag Foghlaim le Chéile, 31 i gcomhair Coiste Gairmoideachais agus 35 i gcomhair an Fhorais Phátrúnachta. San iomlán bhí 167 tosaíocht ann i gcomhair Ag Foghlaim le Chéile, 105 i gcomhair Coiste Gairmoideachais agus 75 i gcomhair an Fhorais Phátrúnachta. Tá dhá cheann de na pátrúin sin ag moladh scoile Béarla il-sainchreidmhí agus is ionann a gcéad tosaíocht le chéile agus 126 ach is léir go bhfuil tosaíocht láidir ann le haghaidh shamhail Ag Foghlaim le Chéile. Dá bhrí sin tá an chosúlacht ann go bhfuil cohórt láidir tuismitheoirí áitiúla ar mian leo rogha bhreise pátrúin a bheith sa cheantar agus a bhainfeadh leas as an rogha sin.

As na 260 tosaíocht inar sonraíodh nach mbainfidís leas as rogha pátrúnachta níos leithne dá dtairgfí í shonraigh 187 go mba mhaith leo é dá ndéanfaí na scoileanna reatha a athstruchtúru toisc gurbh fhearr leo oideachas comhoideachais ná oideachas aonghnéis. Ba cheart a thabhairt faoi deara nár cuireadh an cheist sin ach ar iad siúd a dúirt nach mbainfidís leas as an rogha bhreise sa cheantar dá dtairgfí é.

### **Conclúid na hAnailíse**

Ag cur san áireamh líon na bhfreagróirí a shonraigh go mbainfidís leas as rogha eile pátrúin is léir go bhfuil éileamh inmharthana ann i gcomhair athrú a dhéanamh sa cheantar. Bheadh gá tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar cén dóigh go díreach a n-éascófaí an t-athrú sin ach dá ndéanfaí na scoileanna laistigh den cheantar a atheagrú b'fhéidir go bhféadfaí rogha níos mó a thairiscint. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach ndéanfaidh athrú ar bith méadú ar líon foriomlán na ndaltaí ar a bhfreastalófar sna foirgnimh scoile reatha sa cheantar.

Bhí 170 tosaíocht ann inar sonraíodh go mbainfidís leas as rogha níos leithne agus tá 109 de na leanaí sin sa bhunscoil i láthair na huaire. Bhí léirithe ann ar son 80 leanbh scoile inar sonraíodh go mbainfidís leas as scoil il-sainchreidmheach Bhéarla dá mbeadh an rogha sin ar fáil. Chuirfeadh an leibhéal sin tacaíochta go leor daltaí ar fáil láithreach chun thart ar 3 sheomra ranga a líonadh. Léirigh tuismitheoirí tosaíochtaí ar son 46 leanaí scoile inar sonraíodh go mbainfidís leas as scoil il-sainchreidmheach Bhéarla dá mbeadh an rogha sin ar fáil. Léiríonn an leibhéal sin de ghlacadh féideartha daltaí go mbeadh méid fadtéarmach réamh-mheasta de leath scoil aonsrutha ar a laghad (lena gcuimseofar 4 sheomra ranga) de dhíth chun freastal ar leibhéal an éilimh.

Bheadh gá le scrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar atheagrú na scoileanna sa bhaile agus ar a n-athchumrú féideartha le breathnú an mbeadh spás breise ann le haghaidh pátrúin nua dá ndéanfaí é sin. Tá sé tugtha faoi deara gur scoileanna móra iad na scoileanna Caitliceacha agus Gaeilge araon sa bhaile seo, ina bhfuil 650 dalta agus 440 dalta faoi seach. D'fhéadfadh sé a bheith deacair rogha a chur ar fáil laistigh den stoc foirgnimh atá ann anois agus freastal orthu siúd nach dteastaíonn athrú uathu ag an am céanna. B'fhéidir go mbeadh gá scoileanna lasmuigh de theorainn an bhaile a chur san áireamh san iniúchadh ar eagrú na scoileanna sa cheantar chomh maith.

Ba cheart iarraidh ar an bpríomhphátrún anois (an tEaspag Caitliceach) breathnú ar na roghanna athchumraíochta trína gcuirfí cóiríocht ar fáil le haghaidh scoil Ag Foghlaim le Chéile sa cheantar. Ag cur na riachtanas fadtéarmach dóchúil san áireamh, ba cheart breathnú ar roghanna cóiríochta le haghaidh soláthar aonsrutha.

### AGUISÍN 3.A

Scoil	Achar*	Clárú 2001	Clárú 2011	Éiteas	Inscne	Pátrún
Killea Boys NS	5km	93	101	Caitliceach	Buachaillí	Easpag Phort Láirge & an Leasa Mhóir
Fionnabhair NS	5km	96	198	Caitliceach	Measctha	Easpag Phort Láirge & an Leasa Mhóir
Holy Cross School	AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH	466	681	Caitliceach	Measctha	Easpag Phort Láirge & an Leasa Mhóir
Gaelscoil Philib Barun	AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH	99	219	Caitliceach	Measctha	Easpag Phort Láirge & an Leasa Mhóir
Glor na Mara NS	AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH	398	445	Caitliceach	Measctha	Easpag Phort Láirge & an Leasa Mhóir

\* Tagraíonn sé seo d'fhad na scoileanna ón mbaile agus ciallaíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh go bhfuil an scoil laistigh de theorainn an bhaile.



**Aguisín 3.B**  
**Sonraí maidir le freagairtí bailí**

<b>Ceist</b>	<b>Leanaí Réamhscoile</b>	<b>Leanaí Scoile</b>	<b>Líon na dTosaíochtaí</b>
Líon na leanaí -	133	350	483
B'fhearr liom Béarla -	87	253	340
B'fhearr liom Gaeilge -	29	72	101
Níl tosaíocht teanga agam -	12	23	35
B'fhearr liom rogha níos leithne -	74	168	242
Bhainfinn leas as rogha níos leithne -	61	109	170
Níl rogha níos leithne uaim -	40	128	168
Ní bhainfinn leas as rogha níos leithne -	53	207	260
Níl tosaíocht ar bith agam maidir le rogha níos leithne	14	50	64
Níl tosaíocht ar bith agam maidir le leas a bhaint as rogha níos leithne má tá sé ar fáil	14	32	46
Is é Ag Foghlaim le Chéile mo chéad tosaíocht -	34	61	95
Is é Coiste Gairmoideachais mo chéad tosaíocht -	12	19	31
Is é An Foras mo chéad tosaíocht -	12	23	35
Is é Ag Foghlaim le Chéile mo dhara tosaíocht -	22	38	60
Is é Coiste Gairmoideachais mo dhara tosaíocht -	14	27	41
Is é An Foras mo dhara tosaíocht -	13	7	20
Is é Ag Foghlaim le Chéile mo thrú tosaíocht -	3	9	12
Is é Coiste Gairmoideachais mo thrú tosaíocht -	17	16	33
Is é An Foras mo thrú tosaíocht -	9	11	20
Ba mhaith liom go ndéanfaí na scoileanna reatha a atheagrú -	41	146	187
Líon na dTosaíochtaí i gcomhair Ag Foghlaim le Chéile	59	108	167
Líon na dTosaíochtaí i gcomhair Coiste Gairmoideachais	43	62	105
Líon na dTosaíochtaí i gcomhair An Foras (Il-sainchreidmheach)	34	41	75
<b>Anailís Láithreach</b>			
<b>Ag Foghlaim le Chéile mar Chéad Tosaíocht</b>	<b>Réamhscoil</b>	<b>Scoil</b>	<b>Iomlán</b>
Laistigh den Bhaile	27	49	76
0 go 5 KM ón mbaile	6	5	11
6 go 10 KM ón mbaile	0	6	6
11 go 15 KM ón mbaile	0	0	0
16 go 20 KM ón mbaile	1	1	2
Os cionn 20KM ón mbaile	0	0	0

	34	61	95
<b>Láthair na dTosaíochtaí Bailí Uile</b>	Réamhscoil	Scoil	Iomlán
Sa Bhaile	101	258	359
0 go 5	22	70	92
6 go 10	6	18	24
11 go 15	2	0	2
Os cionn 15	2	4	6
Láthair na nDaoine a bhainfeadh leas as Athrú	Réamhscoil	Scoil	Iomlán
Sa Bhaile	46	76	122
0 go 5	9	17	26
6 go 10	2	13	15
11 go 15	2	0	2
Os cionn 15	2	3	5

## **Aguisín 4: Baile Átha Troim**

### **Ráta Freagartha**

Fuarthas 294 freagairt in iomlán ar an suirbhé i gceantar Bhaile Átha Troim agus fuarthas gach ceann dóibh siúd ar líne, ach amháin ceann amháin, trína ndearnadh ionadaíoch ar 584 leanaí san iomlán. Bhí aon suirbhé is fiche neamhbhailí toisc nach raibh UPSP bailí iontu, nár cuireadh ainm leo nó nach raibh leanaí acu ar an réamhscoil nó ar an mbunscoil. Bhain na tosaíochtaí bailí le 543 leanaí, ar leanaí réamhscoile 140 díobh agus ar leanaí atá ag freastal ar an mbunscoil 403 díobh. As líon na dtosaíochtaí bailí tá 303 díobh ó laistigh de theorainn an bhaile mar atá sainithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh, tá 161 díobh ó laistigh de 5KM ón mbaile, tá 53 díobh ó idir 5KM agus 10KM ón mbaile agus tá 14 díobh ó idir 10KM agus 15KM ó theorainn an bhaile agus tá 11 díobh 15KM nó níos mó ón mbaile.

### **Staid Dhéimeagrafach**

Tá méadú tagtha ar an líon a cuireadh ar an rolla i mBaile Átha Troim le deich mbliana anuas ó 1,099 dalta in 2001 go dtí 1,540 in iomlán in 2011/2012. Is é 756 dalta líon iomlán na ndaltaí sna ranganna sóisearacha (na Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang a Dó agus iad sin san áireamh) sa cheantar seo agus tá 725 dalta sna ceithre ghrúpa ranga shinséara. Léirítear i sonraí sochar linbh go mbeidh líon na naíonán sóisearach a chuirfear ar an gclár seasmhach thar an gcéad ceithre bliana eile. Léirítear i bhfaisnéis ón Roinn Coimirce Sóisialaí go mbeidh méadú ann de thart ar 207 dalta cúig bliana in 2012 go dtí 212 dalta cúig bliana in 2015. Léirítear in anailís ar dhaonáireamh 2011 gurb ionann líon na leanaí idir 0 agus 12 bhliain d'aois atá ina gcónaí laistigh de theorainn an bhaile agus 1,259 agus go bhfuil 501 leanaí idir 1 agus 5 bliana d'aois agus 488 leanaí idir 8 agus 12 bhliain d'aois ann. Léirítear sna sonraí sin ar fad nach mbeidh scoil nua de dhíth sa cheantar chun críocha déimeagrafacha.

### **Scoileanna Reatha**

Tá 4 scoil laistigh den bhaile agus tá 3 scoil eile laistigh de 5km ón mbaile. Tá éiteas Caitliceach i sé scoil as seacht gcinn agus tá éiteas Eaglais na hÉireann sa seachtú ceann. Is gaelscoil í ceann de na scoileanna Caitliceacha a bhfuil thart ar 220 dalta ar an rolla aici agus is ionann é sin agus thart ar 14% den líon iomlán de 1,540 dalta sna 7 scoil. Le cúig bliana anuas tá méadú tagtha ar an líon ar an rolla sna Scoileanna Caitliceacha Béarla ó 1,069 in 2006 go 1,277 in 2011, arb ionann é sin agus 84% den líon iomlán ar an rolla. As an dá scoil Chaitliceacha Bhéarla sa bhaile is scoil buachaillí amháin ceann acu agus tá ranganna naíonán measctha sa cheann eile ach is iad cailíní amháin atá sna ranganna sinseara. Is scoileanna measctha iad na scoileanna mórthimpeall ar an mbaile.

### **Anailís Suirbhé**

As na 489 tosaíocht a léiríodh i gcomhair teanga teagaisc faoi leith bhí tosaíocht ann i gcomhair oideachas Béarla, le 411 tosaíocht ann i gcomhair an Bhéarla agus 78 i gcomhair na Gaeilge. Laistigh den chohórt réamhscoile b'ionann na tosaíochtaí i gcomhair na Gaeilge agus 22 agus ba cheart a thabhairt faoi deara gur scoil aonsrutha í an ghaelscoil reatha agus dá réir sin ba cheart go mbeifí ábalta na daltaí sin a ghlacadh inti thar an gcéad trí go ceithre bliana eile. Dá bhrí sin, tá an chosúlacht ann go bhfuil foráil imleor ann don Ghaeilge i mBaile Átha Troim faoi láthair.

Maidir leis an gceist faoi rogha níos leithne pátrúnachta sa cheantar sonraíodh in 206 de na 543 tosaíocht go gcuirfidís fáilte roimh rogha pátrúnachta níos leithne agus sonraíodh i 138 acu go mbainfidís leas as an rogha sin. As na 138 sin bhí 57 leanaí réamhscoile agus 81 leanaí scoile i gceist. As na 81 sin tá 37 idir na naíonáin shóisearacha agus rang a dó agus tá an chuid eile sna grúpaí ranga sinsearacha idir rang a trí agus rang a sé. Astu siúd a shonraigh go mbainfidís leas as an rogha bhreise tá 85 díobh ina gcónaí sa cheantar laistigh de theorainn an bhaile, tá 29 díobh as ceantar laistigh de 5km ón mbaile, tá 16 díobh as ceantar idir 5km agus 10km ón mbaile agus tá an chuid eile díobh ina gcónaí níos faide ná 10km ó theorainn an baile.

Bhí 105 céad tosaíocht ann i gcomhair Ag Foghlaim le Chéile, 19 i gcomhair an Choiste Gairmoideachais agus 9 i gcomhair an Fhorais Phátrúnachta. San iomlán bhí 142 tosaíocht ann i gcomhair Ag Foghlaim le Chéile, 86 i gcomhair Coiste Gairmoideachais agus 66 i gcomhair an Fhorais Phátrúnachta. Tá an togra maidir le Ag Foghlaim le Chéile agus an Coiste Gairmoideachais araon le haghaidh scoileanna Béarla il-sainchreidmheacha agus is ionann líon a gcéad tosaíochtaí le chéile agus 124 agus is Ag Foghlaim le Chéile céadrogha fhormhór an lín sin. Dá bhrí sin tá an chosúlacht ann go bhfuil cohórt láidir tuismitheoirí áitiúla ar mian leo rogha bhreise pátrúin a bheith sa cheantar agus a bhainfeadh leas as an rogha sin.

As na 349 tosaíocht inar sonraíodh nach mbainfidís leas as rogha pátrúnachta níos leithne i mBaile Átha Troim dá dtairgí í, shonraigh 211 go mba maith leo é dá ndéanfaí na scoileanna reatha a athstruchtúru toisc gurbh fhearr leo oideachas comhoideachais ná oideachas aonghnéis. Ba cheart a thabhairt faoi deara nár cuireadh an cheist sin ach ar iad siúd a dúirt nach mbainfidís leas as an rogha bhreise sa cheantar dá dtairgí é.

### **Conclúid na hAnailíse**

Ag cur san áireamh líon na bhfreagróirí a shonraigh go mbainfidís leas as rogha eile pátrúin is léir go bhfuil éileamh inmharthana ann i gcomhair athrú a dhéanamh sa cheantar. Bheadh gá tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar cén dóigh go díreach a n-éascófaí an t-athrú sin ach dá ndéanfaí na scoileanna laistigh den bhaile agus laistigh de 5km ón mbaile a atheagrú b'fhéidir go bhféadfaí rogha níos mó a thairiscint. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach ndéanfaidh athrú ar bith méadú ar líon foriomlán na ndaltaí ar a bhfreastalófar sna foirgnimh scoile reatha sa cheantar.

Bhí 138 tosaíocht ann inar sonraíodh go mbainfidís leas as rogha níos leithne agus tá 81 de na leanaí sin sa bhunscoil i láthair na huaire. Bhí léirithe ann ar son 71 leanaí scoile inar sonraíodh go mbainfidís leas as scoil il-sainchreidmheach Bhéarla dá mbeadh an rogha sin ar fáil. Chuirfeadh an leibhéal sin tacaíochta go leor daltaí ar fáil láithreach chun thart ar 3 sheomra ranga a líonadh. Léirigh tuismitheoirí tosaíochtaí ar son 53 leanbh scoile inar sonraíodh go mbainfidís leas as scoil il-sainchreidmheach Bhéarla dá mbeadh an rogha sin ar fáil. Léiríonn an leibhéal sin de ghlacadh féideartha daltaí go mbeadh méid fadtéarmach réamh-mheasta de leath scoil aonsrutha ar a laghad (lena gcuimseofar 4 sheomra ranga) de dhíth chun freastal ar leibhéal an éilimh.

Bheadh gá le hiniúchadh mionsonraithe a dhéanamh ar atheagrú na scoileanna sa bhaile agus ar a n-athchumrú féideartha le breathnú an mbeadh spás breise ann le haghaidh pátrúin nua dá ndéanfaí é sin. Tá sé tugtha faoi deara nach bhfuil ach 2 scoil Chaitliceacha Bhéarla sa bhaile agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé a bheith deacair rogha a chur ar fáil laistigh den stoc foirgnimh atá ann anois agus freastal orthu siúd nach

dteastaíonn athrú uathu ag an am céanna. B'fhéidir go mbeadh gá scoileanna lasmuigh de theorainn an bhaile a chur san áireamh san iniúchadh ar eagrú na scoileanna sa cheantar chomh maith.

Ba cheart iarraidh ar an bpríomhphátrún anois (an tEaspag Caitliceach) breathnú ar na roghanna athchumraíochta trína gcuirfí cóiríocht ar fáil le haghaidh scoil Ag Foghlaim le Chéile sa cheantar. Ag cur na riachtanas fadtéarmach dóchúil san áireamh, ba cheart breathnú ar roghanna cóiríochta le haghaidh soláthar aonsrutha.

#### Aguisín 4.A

Scoil	Achar*	Clárú 2001	Clárú 2011	Éiteas	Inscne	Pátrún
S N Cill Bhrighde	5km	37	97	Caitliceach	Measctha	Easpag na Mí
S N Mhuire	5km	68	196	Caitliceach	Measctha	Easpag na Mí
S N Seosamh Naomtha	5km	101	131	Caitliceach	Measctha	Easpag na Mí
Scoil Mhichil na Buachailli	AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH	231	296	Caitliceach	Buachaillí	Easpag na Mí
St. Patricks NS	AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH	29	43	Eaglais na hÉireann	Measctha	Easpag Eaglais na hÉireann
St. Marys Convent NS	AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH	491	557	Caitliceach	Cailíní Sinsearacha/Naíonáin Mheasctha	Easpag na Mí
Gaelscoil na Boinne	AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH	142	220	Caitliceach	Measctha	An Foras

\* Tagraíonn sé seo d'fhad na scoileanna ón mbaile agus ciallaíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh go bhfuil an scoil laistigh de theorainn an bhaile.

## Aguisín 4.B

### Sonraí maidir le freagairtí bailí

Ceist	Leanaí Réamhscoile	Leanaí Scoile	Líon na dTosaíochtaí
Líon na leanaí -	140	403	543
B'fhearr liom Béarla -	94	317	411
B'fhearr liom Gaeilge -	22	56	78
Níl tosaíocht teanga agam -	19	30	49
B'fhearr liom rogha níos leithne -	70	136	206
Bhainfinn leas as rogha níos leithne -	57	81	138
Níl rogha níos leithne uaim -	49	190	239
Ní bhainfinn leas as rogha níos leithne -	75	274	349
Níl tosaíocht ar bith agam maidir le rogha níos leithne	18	77	95
Níl tosaíocht ar bith agam maidir le leas a bhaint as rogha níos leithne má tá sé ar fáil	5	48	53
Is é Ag Foghlaim le Chéile mo chéad tosaíocht -	46	59	105
Is é Coiste Gairmoideachais mo chéad tosaíocht -	7	12	19
Is é An Foras mo chéad tosaíocht -	4	5	9
Is é Ag Foghlaim le Chéile mo dhara tosaíocht -	14	17	31
Is é Coiste Gairmoideachais mo dhara tosaíocht -	22	32	54
Is é An Foras mo dhara tosaíocht -	11	9	20
Is é Ag Foghlaim le Chéile mo thríú tosaíocht -	4	2	6
Is é Coiste Gairmoideachais mo thríú tosaíocht -	7	6	13
Is é An Foras mo thríú tosaíocht -	15	22	37
An Foras mar phátrún reatha agus mar chéad tosaíocht -	8	25	33
Caitliceach mar phátrún reatha agus mar chéad tosaíocht -	57	223	280
Eaglais na hÉireann mar phátrún reatha agus mar chéad tosaíocht -	3	11	14
An Foras mar phátrún reatha agus mar dhara tosaíocht -	4	18	22
Caitliceach mar phátrún reatha agus mar dhara tosaíocht -	10	51	61
Eaglais na hÉireann mar phátrún reatha agus mar dhara tosaíocht -	7	15	22
An Foras mar phátrún reatha agus mar thríú tosaíocht -	3	9	12
Caitliceach mar phátrún reatha agus mar thríú tosaíocht -	1	19	20
Eaglais na hÉireann mar phátrún reatha agus mar thríú tosaíocht -	3	12	15
Ba mhaith liom go ndéanfaí na scoileanna reatha a atheagrú -	45	166	211
Líon na dTosaíochtaí i gcomhair Ag	64	78	142

Foghlaim le Chéile			
Líon na dTosaíochtaí i gcomhair Coiste Gairmoideachais	36	50	86
Líon na dTosaíochtaí i gcomhair An Foras (Il-sainchreidmheach)	30	36	66
Líon na dTosaíochtaí i gcomhair An Foras - Caitliceach	15	52	67
Líon na dTosaíochtaí i gcomhair Caitlicigh	68	293	361
Líon na dTosaíochtaí i gcomhair Eaglais na hÉireann	13	38	51
<b>Anailís Láithreach</b>			
<b>Ag Foghlaim le Chéile mar Chéad Tosaíocht</b>	Réamhscoil	Scoil	Iomlán
Laistigh den Bhaile	25	38	63
0 go 5 KM ón mbaile	9	11	20
6 go 10 KM ón mbaile	7	7	14
11 go 15 KM ón mbaile	3	1	4
16 go 20 KM ón mbaile	2	2	4
Os cionn 20KM ón mbaile	0	0	0
	46	59	105
<b>Láthair na dTosaíochtaí Bailí Uile</b>	Réamhscoil	Scoil	Iomlán
Sa Bhaile	79	224	303
0 go 5	42	119	161
6 go 10	11	42	53
11 go 15	5	9	14
16 go 20	2	3	5
Os cionn 20	0	6	6
<b>Láthair na nDaoine a bhainfeadh leas as Athrú</b>	Réamhscoil	Scoil	Iomlán
Sa Bhaile	31	54	85
0 go 5	14	15	29
6 go 10	7	9	16
11 go 15	3	1	4
16 go 20	2	2	4
Os cionn 20	0	0	0



## **Aguisín 5: Fionnbhrú**

### **Ráta Freagartha**

Fuarthas 546 freagairt in iomlán ar an suirbhé i gceantar Fhionnbhrú agus fuarthas 543 acu ar líne mar aon le 3 shuirbhé páipéir, trína ndearnadh ionadaíocht ar son 987 leanaí san iomlán. Bhí cúig suirbhé is tríocha neamhbhailí toisc nach raibh UPSP iontu, nár cuireadh ainm leo nó nach raibh leanaí acu ar an réamhscoil nó ar an mbunscoil. Bhain na tosaíochtaí bailí le 941 leanaí, ar leanaí réamhscoile 264 díobh agus ar leanaí atá ag freastal ar an mbunscoil 677 díobh. As líon iomlán na dtosaíochtaí bailí tagann 563 díobh ó laistigh de na trí pharóiste, Fionnbhrú, an Choill Mhór Thiar agus Beaumont, tagann 278 díobh ó na paróistí díreach cóngarach leis na trí pharóiste sin agus tagann 94 díobh ó lasmuigh den cheantar seo ach fós laistigh de Bhaile Átha Cliath.

### **Staid Dhéimeagrafach**

Tá laghdú tagtha ar an líon a cuireadh ar an rolla i bhFionnbhrú le deich mbliana anuas ó 2,551 dalta in 2001 go dtí líon iomlán 2,449 in 2010/2011. Faoi láthair má chuirtear líonta iomlána na ranganna sóisearacha (na Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang a Dó, go huile) le chéile is ionann líon na ndaltaí agus 1,252 agus faoi láthair is ionann líon na ndaltaí sna ceithre ghrúpa ranga shinsearacha agus 1,176. Léirítear i sonraí sochar linbh go dtiocfaidh méadú beag ar líon na naíonán sóisearach a chuirfear ar an rolla idir 2012 agus 2015. Léirítear i sonraí go raibh thart ar 344 leanaí cúig bliana d'aois sa cheantar in 2012 agus táthar ag súil go méadóidh sé sin go dtí thart ar 347 leanaí cúig bliana d'aois faoi 2015. Léirítear in anailís ar dhaonáireamh 2011 gurb ionann líon na leanaí ó 0 go 12 bhliain d'aois atá ina gcónaí laistigh den cheantar agus 3,997 agus bhí 1,606 leanaí ó 1 go 5 bliana d'aois agus 1,488 leanaí ó 8 mbliana go 12 bhliain d'aois ina gcónaí ann, ag léiriú arís gurb é ceantar é seo nach mbeidh scoil nua de dhíth ann chun críocha déimeagrafacha sna blianta amach romhainn.

### **Scoileanna Reatha**

Tá 7 scoil laistigh de cheantar Fhionnbhrú chun críocha an tsuirbhé seo. Is é éiteas Caitliceach atá sna scoileanna ar fad agus is gaelscoil í ceann díobh a bhfuil thart ar 220 daltaí ar an rolla arb ionann é sin agus níos lú ná 10% den líon iomlán de 2,449 dalta sna 7 scoil. Le 10 mbliana anuas tá méadú tagtha ar an líon ar an rolla sna Scoileanna Caitliceacha Béarla ó 2,399 go 2,237.

Mar atá léirithe in aguisín 5.A tá raon cineálacha scoile sa cheantar, agus is scoileanna buachaillí nó cailíní nó sóisearacha / sinsearacha iad an formhór díobh.

### **Anailís Suirbhé**

As na 856 tosaíocht a léiríodh i gcomhair teanga teagaisc faoi leith léiríodh tosaíocht i gcomhair oideachais Bhéarla, le 750 tosaíocht ann i gcomhair an Bhéarla agus 106 i gcomhair na Gaeilge. Laistigh den chohórt réamhscoile b'ionann na tosaíochtaí i gcomhair na Gaeilge agus 28 agus ba cheart a thabhairt faoi deara gur scoil aonsrutha í an ghaelscoil reatha agus dá réir sin ba cheart go mbeifí ábalta na daltaí sin a ghlacadh inti thar an gcéad trí go ceithre bliana eile. Dá bhrí sin, tá an chosúlacht ann go bhfuil foráil imleor ann don Ghaeilge i gceantar Fhionnbhrú faoi láthair.

Maidir leis an gceist faoi rogha níos leithne pátrúnachta sa cheantar sonraíodh in 356 de na 941 tosaíocht go gcuirfidís fáilte roimh rogha pátrúnachta níos leithne agus sonraíodh i 292 acu go mbainfidís leas as an rogha sin. As na 292 sin bhí 124 leanaí réamhscoile agus 168 leanaí scoile i gceist. As na 168 sin tá 77 idir na naíonáin shóisearacha agus rang a dó agus tá an chuid eile sna grúpaí ranga sinsearacha idir rang a trí agus rang a sé. Astu siúd a chuir in iúl go mbainfidís leas as rogha bhreise tá 139 díobh ina gcónaí laistigh de na trí pharóiste, Fionnbhrú, an Choill Mhór Thiar agus Beaumont, tá 107 díobh ina gcónaí i gceann de na paróistí cóngaracha agus tá an chuid eile díobh ina gcónaí lasmuigh den cheantar seo ach fós laistigh de Bhaile Átha Cliath.

Bhí 214 céad tosaíocht ann i gcomhair Ag Foghlaim le Chéile, 29 i gcomhair an Choiste Gairmoideachais agus 40 i gcomhair an Fhorais Phátrúnachta. San iomlán bhí 291 tosaíocht ann i gcomhair Ag Foghlaim le Chéile, 154 i gcomhair Coiste Gairmoideachais agus 175 i gcomhair an Fhorais Phátrúnachta. Tá an togra maidir le Ag Foghlaim le Chéile agus an Coiste Gairmoideachais araon le haghaidh scoileanna Béarla il-sainchreidmheacha agus is ionann líon a gcéad tosaíochtaí le chéile agus 243 agus is Ag Foghlaim le Chéile céadrogha fhormhór mór an lín sin. Dá bhrí sin tá an chosúlacht ann go bhfuil cohórt láidir tuismitheoirí áitiúla ar mian leo rogha bhreise pátrúin a bheith sa cheantar agus a bhainfeadh leas as an rogha sin.

As na 510 tosaíocht inar sonraíodh nach mbainfidís leas as rogha pátrúnachta níos leithne shonraigh 255 go mba mhaith leo é dá ndéanfaí na scoileanna reatha a athstruchtúru toisc gurbh fhearr leo oideachas comhoideachais ná oideachas aonghnéis.

### **Conclúid na hAnailíse**

Ag cur san áireamh líon na bhfreagróirí a shonraigh go mbainfidís leas as rogha eile pátrúin is léir go bhfuil éileamh inmharthana ann i gcomhair athrú a dhéanamh sa cheantar. Bheadh gá tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar cén dóigh go díreach a n-éascófaí an t-athrú sin ach dá ndéanfaí na scoileanna laistigh den cheantar a atheagrú b'fhéidir go bhféadfaí rogha níos mó a thairiscint. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach ndéanfaidh athrú ar bith méadú ar líon foriomlán na ndaltaí ar a bhfreastalófar sna foirgnimh scoile reatha sa cheantar.

Léiríodh 292 tosaíocht inar sonraíodh go mbainfidís leas as rogha níos leithne. Ag cur san áireamh go bhfuil 129 de na leanaí sin i mbunscoileanna ach i bhfianaise na dtosaíochtaí a léirigh tuismitheoirí maidir le scolaíocht il-sainchreidmheach trí mheán an Bhéarla, tá an chosúlacht ann go bhfuil go leor daltaí ar fáil chun beagnach 5 sheomra ranga a líonadh láithreach. Léirigh tuismitheoirí tosaíochtaí maidir le scolaíocht il-sainchreidmheach trí mheán an Bhéarla chomh maith maidir le 114 leanaí réamhscoile. Léiríonn an leibhéal sin de ghlacadh féideartha daltaí go mbeadh méid fadtéarmach réamh-mheasta de scoil aonsrutha ar a laghad, ina mbeadh 8 sheomra ranga, de dhíth chun freastal ar leibhéal an éilimh.

Bheadh gá mionscrúdú a dhéanamh ar na scoileanna atá sa cheantar cheana chun breathnú an mbeadh go leor acmhainne ann dá ndéanfaí iad a athchumrú mar scoileanna comhoideachais láningearacha (na naíonáin shóisearacha go dtí rang a sé) chun foráil a dhéanamh do na daltaí sin a bhfuil rogha bhreise ag teastáil óna dtuismitheoirí i soláthar scoile.

Ba cheart iarraidh ar an bpríomhphátrún anois (an tArd-Easpag Caitliceach) breathnú ar na roghanna athchumraíochta trína geuirfí cóiríocht ar fáil le haghaidh scoil Ag Foghlaim le Chéile sa cheantar. Ag cur na riachtanas fadtéarmach dóchúil san áireamh, ba cheart breathnú ar roghanna cóiríochta le haghaidh dhá shruth soláthair iomláin.

### AGUISÍN 5.A

Scoil	Clárú 2001	Clárú 2011	Éiteas	Inscne	Pátrún
SCOIL AN LEINBH IOSA B	275	211	Caitliceach	Buachaillí	An tArd-Easpag
CROMCASTLE GREEN BNS	231	236	Caitliceach	Buachaillí	An tArd-Easpag
SCOIL NAIS IDE CAILINI	183	190	Caitliceach	Cailíní	An tArd-Easpag
SCOIL FHIACHRA SOISIR	661	632	Caitliceach	Measctha	An tArd-Easpag
ST FIACHRA'S SEN NS	611	644	Caitliceach	Measctha	An tArd-Easpag
GAELSCOIL CHOLMCILLE	152	212	Caitliceach	Measctha	An Foras Pátrúnachta
Holy Child National School (2001 enrolments are from amalgamated schools)	438	324	Caitliceach	Cailíní Sinsearacha/Naíonáin Mheasctha	An tArd-Easpag

**Aguisín 5.B**  
**Sonraí maidir le freagairtí bailí**

<b>Ceist</b>	<b>Leanaí Réamhscoile</b>	<b>Leanaí Scoile</b>	<b>Líon na dTosaíochtaí</b>
Líon na leanaí -	264	677	941
B'fhearr liom Béarla -	199	551	750
B'fhearr liom Gaeilge -	28	78	106
Níl tosaíocht teanga agam -	32	44	76
B'fhearr liom rogha níos leithne -	138	218	356
Bhainfinn leas as rogha níos leithne -	124	168	292
Níl rogha níos leithne uaim -	70	304	374
Ní bhainfinn leas as rogha níos leithne -	100	410	510
Níl tosaíocht ar bith agam maidir le rogha níos leithne	51	151	202
Níl tosaíocht ar bith agam maidir le leas a bhaint as rogha níos leithne má tá sé ar fáil	35	95	130
Is é Ag Foghlaim le Chéile mo chéad tosaíocht -	109	105	214
Is é Coiste Gairmoideachais mo chéad tosaíocht -	5	24	29
Is é An Foras mo chéad tosaíocht -	9	31	40
Is é Ag Foghlaim le Chéile mo dhara tosaíocht -	13	48	61
Is é Coiste Gairmoideachais mo dhara tosaíocht -	16	39	55
Is é An Foras mo dhara tosaíocht -	55	44	99
Is é Ag Foghlaim le Chéile mo thríú tosaíocht -	3	13	16
Is é Coiste Gairmoideachais mo thríú tosaíocht -	32	38	70
Is é An Foras mo thríú tosaíocht -	13	23	36
An Foras mar phátrún reatha agus mar chéad tosaíocht -	9	26	35
Caitliceach mar phátrún reatha agus mar chéad tosaíocht -	85	371	456
An Foras mar phátrún reatha agus mar dhara tosaíocht -	7	35	42
Caitliceach mar phátrún reatha agus mar dhara tosaíocht -	49	185	234
Ba mhaith liom go ndéanfaí na scoileanna reatha a atheagrú -	51	204	255
Líon na dTosaíochtaí i gcomhair Ag Foghlaim le Chéile	125	166	291
Líon na dTosaíochtaí i gcomhair Coiste Gairmoideachais	53	101	154
Líon na dTosaíochtaí i gcomhair An Foras (Il-sainchreidmheach)	77	98	175
Líon na dTosaíochtaí i gcomhair An Foras - Caitliceach	16	61	77
Líon na dTosaíochtaí i gcomhair Caitlicigh	134	556	690

<b>Anailís Láithreach</b>			
<b>Ag Foghlaim le Chéile mar Chéad Tosaíocht</b>	Réamhscoil	Scoil	Iomlán
Paróistí	28	64	92
Paróistí Cóngaracha	55	34	89
An chuid eile de Bhaile Átha Cliath	26	7	33
	109	105	214
<b>Láthair na dTosaíochtaí Bailí Uile</b>	Réamhscoil	Scoil	Iomlán
Lár	132	431	563
An chéad cheann eile	89	189	278
An chuid eile	41	53	94
Láthair na nDaoine a bhainfeadh leas as Athrú	Réamhscoil	Scoil	Iomlán
Lár	37	102	139
An chéad cheann eile	59	48	107
An chuid eile	28	18	46

## Aguisín 6: Sampla de Shuirbhé

Suirbhé Ref No:



A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F  
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N  
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S

## Suirbhé ar Thuismitheoirí an Inbhir Mhóir

**Sonraí Tuismitheoirí/Caomhnóirí:**

Bainfear úsáid as na sonraí a chuirfear ar fáil anseo chun a dheimhniú go bhfuil cónaí ort sa cheantar agus go bhfuil leanaí agat atá sna haoisghrúpaí i dtrácht. Déanfar amhlaidh ionas nach rachfar i gcomhairle ach le tuismitheoirí a bhfuil leanaí acu ar scoil nó atá tí leanaí a chur ag an scoil. Má tá leanaí réamhscoile agus leanaí bunscoile araon agat ba mhaith linn do rogha a fháil faoin dá ghrúpa ar leithligh toisc gur mian linn iad a thuairisciú mar dhá chatagóir ar leith. Féadfaidh ceachtar tuismitheoir nó caomhnóir an suirbhé a líonadh isteach. Chun gur féidir linn a dheimhniú go bhfuil cónaí ort sa cheantar, ní mór UPSP an tuismitheora/an chaomhnóra atá ag fáil sochar linbh a sholáthar. Nuair a thugann tú do shonraí, tugann tú cead ag an am céanna don Roinn Oideachais & Scileanna an rogha a dhéanann tú a bhailíochtú, faoi mar atá leagtha amach thíos. Gheofar mionsonraí mar gheall ar an úsáid a bhainfear as aon eolas a chuirfidh tú ar fáil inár mbeartas cosanta sonraí, atá le léamh ag [www.education.ie](http://www.education.ie).

**C1. Céadainm na Máthar/an Chaomhnóra**

**C4. Céadainm an Athar/an Chaomhnóra**

**C2. Sloinne na Máthar/an Chaomhnóra**

**C5. Sloinne an Athar/an Chaomhnóra**

**C3. UPSP na Máthar/an Chaomhnóra**

**C6. UPSP an Athar/an Chaomhnóra**



Ní úsáidfean an UPSP ach amháin chun sonraí a bhailíochtú, faoi mar a shonraítear thuas, agus ní chuirfean ar fáil í ar chúis ar bith lasmuigh den suirbhé seo. An aidhm atá leis an suirbhé seo ná a fháil amach cad iad tuairimí tuismitheoirí an cheantair i dtaobh cineálacha eile scoile a bheith ar fáil sa cheantar seo. Mar sin beimid ag bailíochtú an eolais a thabharfar sa suirbhé de réir sonraí déimeagrafacha atá ag an Roinn Coimirce Sóisialta go príomha. Déanfar an bailíochtú go príomha le UPSP an tuismitheora/an chaomhnóra atá ag fáil sochar linbh ar son an linbh liostaithe. Murar féidir linn sonraí a bhailíochtú, d'fhéadfadh sé nach n-áireofaí na sonraí sin san anailís. Iarrtar ort glaoch ar an uimhir saorghlao 1800 303 621 má tá ceist ar bith agat.

**Sonraí an Linbh/na Leanáí:**

Teastaíonn na sonraí seo chun a fhíorú go mbeidh an leanbh/na leanáí atá liostaithe sa suirbhé seo ullamh chun dul ar scoil sa cheantar.

**C7.** Cuir isteach seoladh baile an linbh/na leanáí.


**C8.** Cá mhéad leanbh atá agat san iomlán?

Cá mhéad díobh atá ag dul ar: Réamhscoil/Naíscoil:  Bunscoil:

Dáta(í) Breithe (Tabhair mar seo iad: LL/MM/BBBB)

Leanbh 1: //    Leanbh 4: //  
 Leanbh 2: //    Leanbh 5: //  
 Leanbh 3: //    Leanbh 6: //

**C9.** Cén bhunscoil nó cé na bunscoileanna ar a bhfuil do leanbh/leanáí (L) ag freastal? (Cuir X sa bhosca ceart)

	<u>L1</u>	<u>L2</u>	<u>L3</u>	<u>L4</u>	<u>L5</u>	<u>L6</u>
<b>Scoileanna laistigh de Theorainn an Bhaile</b>						
An T Inbhear Mor BNS, Arklow	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Carysfort NS, Carysfort	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Gaelscoil an Inbhir Mhoir, Fernbank Park	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Saint Peters Infant School, Arklow	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Scoil Náisúinta Naomh Michael, Arklow	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
<b>Scoileanna laistigh de 2 km de Theorainn an Bhaile</b>						
Scoil Náisúinta Cúl Greine, Coolgreany	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

**Scoileanna laistagh de 5 km de Theorainn an Bhaile**

Saint Josephs N S, Templeraíney

Scoil Naomh Padraig, Barnacleagh

Eile: tabhair an t-ainm thíos

**C10.** Cén rang ina bhfuil do leanbh nó cé na ranganna ina bhfuil do leanaí?

(Cuir X sa bhosca ceart)

	NB	NM	1	2	3	4	5	6
Leanbh 1:	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Leanbh 2:	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Leanbh 3:	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Leanbh 4:	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Leanbh 5:	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Leanbh 6:	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

**Rogha Pátrúin/Cineál Scoile:** .

**C11.** Céard é do rogha teanga teagaisc? (Cuir X sa bhosca ceart)

Má tá leanbh nó leanaí réamhscoile agat:  Béarla  Gaeilge

Má tá leanbh nó leanaí bunscoile agat:  Béarla  Gaeilge

**C12.** Ar mhaith leat rogha níos leithne ó thaobh cineálacha pátrúnachtaí agus scoileanna anseo san Inbhear Mór? (Cuir X sa bhosca ceart)

Má tá leanbh nó leanaí réamhscoile agat:  Ba mhaith  Níor mhaith  Níl a fhios agam

Má tá leanbh nó leanaí bunscoile agat:  Ba mhaith  Níor mhaith  Níl a fhios agam

**C13.** Dá mbeadh rogha níos leithne scoileanna san Inbhear Mór an gcuirfeá do leanbh nó do leanaí féin chuig ceann de na cineálacha scoileanna nua?

(Cuir X sa bhosca ceart)

Má tá leanbh nó leanaí réamhscoile agat:  Chuirfinn  Ní chuirfinn  Níl a fhios agam

Má tá leanbh nó leanaí bunscoile agat:  Chuirfinn  Ní chuirfinn  Níl a fhios agam

***Ceist í seo do dhaoine a d'fhreagair Chuirfinn i C13.***

**C14.** Tá pátrúin ionchasacha tar éis a chur in iúl gur mhaith leo cineál scoile eile a bhunú i gceantar an Inbhir Mhóir. Cuir na forais pátrúnachta éagsúla thíos in ord, de réir do rogha féin: (m.sh.. 1, 2, 3 agus mar sin de)

Má tá leanbh nó leanaí réamhscoile agat:

An Foras Pátrúnachta (Ilchreidmheach)

- Educate Together
- Coiste Gairmoideachais Contae Chill Mhantáin
- Eile: tabhair an t-ainm thíos

Má tá leanbh nó leanaí bunscoile agat:

- An Foras Pátrúnachta (Ilchreidmheach)
- Educate Together
- Coiste Gairmoideachais Contae Chill Mhantáin
- Eile: tabhair an t-ainm thíos

***Ceist í seo do dhaoine a d'fhreagair Ní Chuirfinn i C13.***

**C15.** Murar mian leat pátrúin bhreise a bheith ann, cuir na pátrúin atá ann faoi láthair in ord de réir do rogha féin: (m.sh.. 1, 2, 3 agus mar sin de)

Má tá leanbh nó leanaí réamhscoile agat:

- An Foras Pátrúnachta (Idirchreidmheach)
- Ardeaspag Caitliceach Bhaile Átha Cliath
- Ardeaspag Eaglais na hÉireann Bhaile Átha Cliath agus Ghleann Dá Loch

Má tá leanbh nó leanaí bunscoile agat:

- An Foras Pátrúnachta (Idirchreidmheach)
- Ard-Easpag Caitliceach Bhaile Átha Cliath
- Ard-Easpag Eaglais na hÉireann Bhaile Átha Cliath agus Easpag Ghleann Dá Loch

***Ceist í seo do dhaoine a d'fhreagair Ní Chuirfinn i C13.***

**C16.** Dá ndéanfaí atheagrú ar na scoileanna atá anois ann, an gcuirfeá do leanbh nó do leanaí chuig scoil chomhoideachais (scoil mheasctha) de rogha ar scoil gnéas aonair?

(Cuir X sa bhosca ceart)

- Má tá leanbh nó leanaí réamhscoile agat: Chuirfinn Ní chuirfinn  
Má tá leanbh nó leanaí bunscoile agat: Chuirfinn Ní chuirfinn

**Fad Taistil:**

**C17.** Cén fad taistil atá ag do leanbh nó do leanaí ar scoil i láthair na huairé? (go dtí an km is gaire)

**C18.** Cad é an fad taistil ar scoil is mó a mbeifeá sásta leis i gcás do leanaí féin? (go dtí an km is gaire)

**Dearbhú:**

Dearbhaím leis seo gur sonraí cruinne iad na sonraí a thug mé.

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

**Míle buíochas as an suirbhé seo a líonadh isteach.**